Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2018
(OR. en)

14291/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0288(COD)**

**CODEC 2010**
**TELECOM 407**
**COMPET 780**
**MI 843**
**CONSOM 321**
**IA 376**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (Athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle ar an 14 Meán Fómhair 2016.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 25 Eanáir 2017[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

[1] 12252/16.
[2] IO C 125, 21.4.2017, lch. 56.

4. Ar an 14 Samhain 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 52/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 14040/18.